S. 23AT

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2004


## STAIR – GNÁTHLEIBHÉAL

(**NÁ** cuir na leathanaigh seo isteach le do fhreagarleabhar.)

## FOINSÍ

**1. PICTIÚIR**

**PICTIÚR A**




Foinse: Dúchas – an tSeirbhís Oidhreachta.

**[Thall**

**PICTIÚR B**



Foinse: Bridgeman Art Library

**PICTIÚR C**




Foinse: Environment and Heritage Service, Northern Ireland.



**[Thall**

## 2. DOICIMÉID

### DOICIMÉAD 1.

**Slíocht is ea é seo ón scríbhneoir iomráiteach Iodálach, Giovanni Boccaccio. Bhí cónaí air i bhFlórans. Déanann sé cur síos ar an gcaoi ar thosaigh an phlá, an Galar Dubh i 1348.**

"Thosaigh sé sna fir agus sna mná le at áirithe sa bhléin nó faoin ascaill. D'fhás an t-at go dtí go raibh sé chomh mór le húll beag nó ubh, a bheag nó a mhór, agus thugtaí neascóidí orthu. Go gairid ina dhiadh sin scaip na neascóidí sin ón dá pháirt sin den chorp go dtí an corp go léir. Go gairid ina dhiadh sin arís d'athraigh na siomptóim agus tháinig spotaí dubha nó dubhgorma ar na lámha nó ar na leasracha nó ar aon áit eile den chorp; uaireanta bhíodh cúpla ceann mór, agus uaireanta cinn bheaga is mó a bhíodh ann.

Ní raibh aon leigheas a bhuafadh ar an ngalar nó a laghdódh é. Ní fios cé acu is fíor- go raibh tréithe ag baint leis an ngalar nach bhféadfaí a leigheas nó go raibh na dochtúirí chomh haineolach sin nach raibh a fhios acu cad ba chúis leis. Ar aon chaoi, ba bheag duine díobh sin a fuair an galar agus a tháinig slán as; fuair formhór na ndaoine bás trí lá tar éis do na neascóidí, a ndéantar cur orthu thuas, teacht orthu.

Scaip na hothair an galar go dtí na daoine sláintiúla a tháinig in aice leo. Dá labhrófá nó dá rachfá in aice leosan a bhí tinn, thiocfadh an galar ort. Chomh maith leis sin, dá mbainfeadh éinne leis na héadaí nó le haon rud eile go raibh na hothair tar éis caitheamh nó baint leis, thug sé sin an galar don duine a rinne amhlaidh.

Sheachain na daoine a chéile, ba bheag teagmhála a bhí idir na comharsana, ba annamh a chuaigh daoine ar cuairt go dtí gaolta leo. Thréig deartháireacha a chéile, Thréig an t-uncail a nia, agus an deirfiúr a deartháir agus go minic thréig an bhean a fear chéile. Rud níos measa fós agus beagnach dochreidte gur dhiúltaigh aithreacha agus máithreacha cúram a dhéanamh dá gcuid páistí nó iad a fheiceáil, faoi mar nár leo in aon chor iad."

**Foinse: Giovanni Boccaccio, An Decameron, Iml I.**

### DOICIMÉAD 2.

**Sliocht as agallamh ar an raidió le Miriam Hart. Paiste ba ea í a bhí ag taisteal ar an *Titanic* nuair a chuaigh sé go tóin poill.**

"Bhuel, an poinse boise gur bhuail an *Titanic* an meall oighir, bhí mise im chodladh. Ach bhí mo mháthair ina dúiseacht. Dúirt sí nach raibh ann ach buille éadrom cosúil le traein ag stopadh i stáisiún.

Dhúisigh sí m'athair, a bhí beagáinín crosta mar bhí sí tar éis é a dhúiseacht an óiche roimhe sin mar cheap sí gur chuala sí rud éigin. D'éirigh sé agus chuaigh sé suas ar deic agus tháinig sé ar ais go tapa agus phioc sé suas mé agus chas sé roinnt rudaí timpeall orm agus chuir sé a chóta trom timpeall ar mo mhathair agus dúirt sé, "beidh sé seo ag teastáil uait, caithfimid dul in airde ar deic. Is dóigh liom go bhfuil an long tar éis rud éigin a bhualadh."

Suas ar deic linn láithreach, ach nuair a chuamar suas ansin ní raibh siad fiú ag iarraidh na báid sábhála a lainseáil mar bhí daoine cinnte nach dtarlódh aon rud. Ba í seo an *Titanic*; ní fhéadfadh sí dul go tóin poill. Níor tharla aon rud ar feadh scaithimh agus ansin lainseáladh na báid sábhála.

Chuir m'athair mo mháthair agus mé féin isteach i mbád sábhála agus lean sé ag cur mná agus páistí eile isteach sa mbád, agus ar ndóigh thóg sé féin céim ar chúl, agus ní fhacamar riamh ina dhiadh sin é.

Tógadh síos muid go dtí an t-uisce, agus is fada an aistear síos é ó dheic na mbád sa long go dtí an fharraige ar oíche fhuar dhorcha. Ar ámharaí an tsaoil bhí an fharraige ina calm agus d'iomraíomar linn ón long.

Ansin tar éis roinnt ama chonaiceamar an *Titanic* ag dul faoin uisce, radharc millteach ba ea é agus chualamar na daoine san uisce ag scréachadh, is dócha gurbh é sin an rud ba mheasa ar fad. Agus ansin nuair a stad an scréachadh bhí ciúineas uafásach ann. Bhíomar sa bhád go dtí gur phioc an *Carpathia* suas muid an mhaidin dar gcionn ag leathuair tar éis a hocht."

**Foinse: Iris Staire an BBC, Iml 3, Uimh 4, Aibreán 2002.**